Coimisiún na scrúdaithe stáit
Scrúdú na hArdteistiméireachta 2012
Gaeilge: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal
Cluastuiscint triail shamplach

Mairfidh an triail seo tuairim is fiche nóiméad. Tá trí chuid sa triail: Cuid A, Cuid B agus Cuid C. Tá na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le gach ceann de na trí chuid sin clóbhuailte ar do scrúdpháipéar.

Cuid A

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid A.

Fógra a haon

Seo fógra ó Chumann Ailse na hÉireann. Beidh siúlóid urraithe á reáchtáil ag Cumann Ailse na hÉireann i lár na míosa seo, ar an séú lá déag de Mheitheamh 2010. Beidh oíche eolais faoin tsiúlóid ann anocht i bPáirc de Bharóid, Lios Póil ag tosnú ar a sé a chlog. Is é Micheál Ó Muircheartaigh, an tráchtaire spóirt, an gaeilgeoir agus an Ciarraíoch cáiliúil, a chuirfidh tús leis an oíche eolais. Ar Chnoc Bhréanainn i gCo. Chiarraí a bheidh an tsiúlóid féin agus is é Jackie Ó Muircheartaigh a bheidh ina threoraí. Le bheith páirteach sa tsiúlóid ní mór do dhuine €50 d'urraíocht a bhailiú roimh ré. Scaipfear na cártaí urraíochta anocht.

Fógra a dó

Nuacht an iarthair ar RTÉ Raidió na Gaeltachta: Seo fógra a bhaineann le ceantar Ros Muc i gConamara. Beidh searmanas cuimhneacháin in ómós don fhile Caitlín Maude ar siúl i dTigh Clarke i Ros Muc go luath. Beidh an teacht le chéile seo ar siúl Dé Domhnaigh an séú lá de Lúnasa ag tosú ar a dó a chlog. Beidh an t-amhránaí sean-nóis Micheál Ó Cuaig ina fhear an tí. Cuireadh aithne i dtosach ar Chaitlín mar amhránaí ar an sean-nós ach bhain sí cáil amach ina dhiaidh sin mar aisteoir agus mar fhile. Eiseoidh Gael Linn dlúthdhiosca dá cuid amhráin ar an lá, amhráin nach raibh fáil orthu le tamall. Beidh ceol agus amhráin ann an tráthnóna sin mar chuid den ócáid chuimhneacháin. Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.damhsoir.ie nó ó Eibhlín ag 087 27292989.

Cuid B

Léigh anois go cúramach na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid B.

Comhrá a haon

Seán: Cá raibh tú ag an deireadh seachtaine, a Shíle? Ghlaoigh mé ort cúpla uair ach ní bhfuair mé freagra ar bith.

Síle: Ní haon ionadh é sin, a Sheáin. Bhí mé ag ceolchoirm Oxegen i mBaile Phúinse. Bhí sí ar siúl ón Aoine go dtí tráthnóna Dé Domhnaigh.

Seán: Táim go mór in éad leat faoi sin, a Shíle. Rinne mé féin iarracht ar thicéid a fháil ach ní raibh fáil ar cheann ar ór ná ar airgead.

Síle: D'fhág tú ródhéanach é, a bhuachaill. Díoladh na ticéid ar fad taobh istigh de leathuair an chloig.

Seán: Bhí tusa luath ar do chois mar sin, a Shíle. Cé mhéad a d'íoc tú as?

Síle: Tada, b'shin an rud ab fhearr faoin scéal. Níor íoc mé aon rud.

Seán: Bhí an t-ádh leat, a chailín. Cén chaoi ar tharla sé sin?

Síle: Bhuaigh mo dheartháir an ticéad i gcrannchur san oifig agus thug sé domsa é mar níor theastaigh uaidh féin dul ann.

Seán: A Dhia, ach inis é seo dom, a Shíle: cé a chuaigh leat?

Síle: Mo chol ceathrar Sinéad. Smaoinigh sise ar phuball a bhreith linn. Bhí imní orm féin ar eagla go mbeimis fuar sa phuball ach ní raibh. Bhíomar breá compordach.

Seán: Céard faoi na háiseanna, a Shíle? Bhí siad uafásach anuraidh i mBaile Shláine más cuimhin leat.

Síle: Bhí na háiseanna go hiontach, a Sheáin. Leithris ghlana, folcadh te agus siopaí de gach saghas ar fáil.

Seán: Bhuel, a Shíle, chuaigh ócáid iontach amú orm mar go raibh mé mall, spadánta.

Síle: Fág fúmsa é an chéad uair eile, a Sheáin, agus ní bheidh aon díomá ort, mise ag rá leat.

Comhrá a dó

Eoin: Cuireann sé iontas orm, a Mháire, an méid irisí atá ar fáil do dhéagóirí.

Máire: Sea, a Eoin, tá a lán díobh ann do dhaoine óga ceart go leor ach is trua nach bhfuil ceann amháin fiú i nGaeilge.

Eoin: Fiú dá mbeadh, a Mháire, ní cheannófaí í mar ní fhéadfadh na déagóirí í a léamh.

Máire: Céard faoi iris a mbeadh Béarla agus Gaeilge inti, leath ar leath, a Eoin? Nach spreagfadh iris mar sin na déagóirí le Gaeilge a fhoghlaim?

Eoin: B'fhéidir é, a Mháire, ach ní bheadh aon suim ag foilsitheoir a leithéid sin d'iris a chur i gcló mar bheadh na costais rómhór.

Máire: Anois, ní aontaím leat faoi sin, a Eoin. Dhíolfaí na mílte cóipeanna di dá mbeadh sí in úsáid sna ranganna Gaeilge ar fud na tíre.

Eoin: Ach ní bheadh an t-ábhar in iris mar sin oiriúnach do rang Gaeilge, a Mháire.

Máire: Amaidí, a Eoin. Bheadh an-suim go deo ag daltaí in altanna ar chúrsaí faisin, ar an gceol, ar na scannáin agus ar leabhair. Féach an t-ábhar leamh, seanchaite atá i gcuid de na téacsleabhair faoi láthair.

Eoin: Bhuel, feicim dhá fhadhb leis sin, a Mháire. Ar an gcéad dul síos, níl mórán iriseoirí ann a bhfuil ardchumas Gaeilge acu agus ar an dara dul síos ní dóigh liom go ndíolfaí go leor cóipeanna lena dtuarastail a íoc.

Máire: Feiceann tú fadhbanna 'chuile áit, a Eoin. Nach mbeadh airgead ón rialtas ar fáil don iris seo mar a bhí ar fáil don nuachtán Gaeilge 'Foinse'?

Eoin: Nach é sin díreach an fhadhb? Níorbh fhéidir le 'Foinse' íoc as féin. D'éirigh an comhlacht i gConamara as é a fhoilsiú agus tá an cúram tógtha ag an 'Independent' air féin anois, ach cá fhad a leanfaidh an socrú sin?

Máire: Sea, ach fan nóiméad, le do thoil. Nach bhfuil 'Gaelscéal' ar an margadh anois ó dheireadh mhí an Mhárta. Níl gach duine chomh héadóchasach leatsa faoi fhoilsitheoireacht na Gaeilge.

Cuid C

Léigh anois go cúramach na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid C.

Píosa a haon

Osclaíodh siopa nua d'earraí de dhéantús Ghaeltacht Chonamara i gcathair na Gaillimhe le déanaí. Is é 'Pagan' ainm an tsiopa atá suite i Sráid an Chonairigh i gceartlár na cathrach. Bhí tóir ar leith ag daoine óga ar na t-léinte a bhfuil manaí Gaeilge orthu a bhí ar díol sa siopa. Cuireadh an-suim sa raon leathan stíleanna agus dathanna atá ar na t-léinte. Bhí an-éileamh ag na mná ar na hearraí cniotáilte agus ar na seodra a dhéantar i nGaeltacht Chonamara. Tá ceathrar ag obair sa siopa faoi láthair agus tá sé beartaithe suíomh gréasáin a chur ar bun go luath le hearraí a dhíol.

Píosa a dó

Sa bhliain 2000 cuireadh scéim scoláireachtaí cónaithe ar bun do mhic léinn Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Roghnaíodh na mic léinn don scéim sin as a gcuid scileanna cumarsáide agus cinnireachta. Faoin scéim bhí lóistín saor in aisce ar fáil ag na mic léinn ar an gcampas, chomh maith le lacáiste ar bhia sa bhialann. Bhí sé mar dhualgas ar na mic léinn a roghnaíodh imeachtaí seach-churaclaim trí Ghaeilge a chur ar siúl sa choláiste chomh maith le Seachtain na Gaeilge a eagrú. Léiríonn píosa eolais amháin a foilsíodh le déanaí an fás atá faoin scéim: bronnadh ceithre scoláireacht ar mhic léinn sa bhliain 2000, ach bronnfar ceithre scoláireacht is fiche i mbliana.

Sin deireadh na trialach. Slán